Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# NASCMHODÚIL

## LEIBHÉAL COMÓNTA

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# NASCMHODÚIL

# LEIBHÉAL COMÓNTA

# GAIRMCHLÁR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2008

## Scrúdú Nascmhodúl

## Freagraí & Aistriúchán

## Scrúdú Scríofa

**Marcanna Iomlána an Scrúdaithe 160**

| | |
|---|---|
| **Gradam** | **128 marc** |
| **Fiúntas** | **104 marc** |
| **Pas** | **80 marc** |

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

**Cuid 1**

| | | |
|---|---|---|
| **C1** | Cad iad na seirbhísí a thairg Top Solutions nuair a cuireadh ar bun ar dtús é? | **1 mharc** |

*Seirbhís caidrimh phoiblí /mhargaíochta.*
*Fógraíocht a shocrú agus ábhair thionscnaimh/bróisiúir agus fógráin a ullmhú.*

*1 @ 1m*

| | | |
|---|---|---|
| **C2** | Conas a d'fhorbair Top Solutions na seirbhísí gnó a thairgeann sé? | **2 mharc** |

*Trí imeacht ó fhógraíocht agus ó mhargaíocht a fhorbairt do ghnólachtaí beaga chuig feachtais mhargaíochta a eagrú do ghnólachtaí níos mó, tionscnaimh ar nós irisleabhar, fógraíocht nuachtáin, coir poist agus urraíochtaí a chomhordú.*

*2 @ 1m*

| | | |
|---|---|---|
| **C3** | Cad iad na tréithe pearsanta a bhí ag teastáil ó Mháire ina ról mar bhainisteoir? | **3 mharc** |

*A bheith in ann cinntí a dhéanamh.*
*A bheith in ann idirbheartaíocht a dhéanamh*
*Fadhbanna a réiteach*
*A bheith solúbtha ó thaobh cur chuige*

*3 @ 1m*

**Cuid 2**

| | | |
|---|---|---|
| **C4** | Cad a spreag Máire chun smaoineamh ar a cuid oibre a athrú? | **4 mharc** |

*Cúiseanna pearsanta, bhí an taisteal ag éirí fadálach.*
*Theastaigh uaithi níos mó smachta a bheith aici ar a cuid ama.*
*Ceapann sí gur duine nuálach í agus tá sí sásta riosca a ghlacadh.*
*Tá réimse leathan taithí aici sa bhainistíocht, sa Chaidreamh Poiblí & sa Mhargaíocht*

*2 @ 2m*

| | | |
|---|---|---|
| **C5** | Mínigh na riachtanais dlí a chomhlíon Máire mar fhostóir. | **4 mharc** |

1. *Thug sí a Chonradh Fostaíochta do Mark ina leagtar amach ann pá/coinníollacha oibre/teidlíochtaí saoire/ saoire bhreoiteachta.*
2. *Bhí ar Mark ráiteas Sláinte & Sábháilteachta a léamh agus na nósanna imeachta a bhaineann leo.*
3. *Bhí sí i bhfabhar ballraíochta sa Cheardchumann.*

*1 @ 4m*
*2m + 2m*

| | |
|---|---|
| **C6** Cén bealach a cheapann Marc ar féidir leis cabhrú le rath a bheith ar Top Solutions? | **4 mharc** |

*Tá scileanna bainistíochta tograí aige chomh maith le scileanna i ndearadh grafach/scileanna foirne a chuideodh.*
*D'fhéadfadh an taithí atá aige sa phriontáil an cineál oibre a dhéanann siad a leathnú/cur ar a gcumas fanacht chun cinn ar iomaitheoirí/ custaiméirí éagsúla a mhealladh.*

*1 @ 4m*
*2m + 2m*

**Cuid 3**

| | |
|---|---|
| **C7** Cad iad na céimeanna a ghlacann Máire chun déileáil leis na rioscaí a bhaineann le bheith féinfhostaithe? | **6 mharc** |

1. *Creideann sí nach mór d'fhostaithe a bheith sásta leibhéal ard seirbhíse a thabhairt do chustaiméirí chun a chinntiú go bhfillfidh siad/mar go bhfillfidh siad.*
2. *Coinníonn sí súil ar threochtaí don todhchaí ionas gur féidir léi a bheith ag faire ar éileamh/coinneáil chun cinn ar iomaitheoirí.*
3. *Is duine cruthaitheach í mar go bhforbraíonn sí smaointe nua agus cuireann sí ag obair iad.*
4. *Ní ghlacann sí leis go bhfanfaidh an margadh mar atá mar go dtuigeann sí go bhféadfadh ciorruithe eacnamaíochta tionchar a imirt ar an ngnó.*

*2 @ 3m .*
*2m + 1m*

| | |
|---|---|
| **C8** Cad iad na láidreachtaí atá ag Top Solutions? Tabhair cúiseanna ar roghnaigh tú gach ceann díobh. | **6 mharc** |

1. *Pobal-bhunaithe; bíonn cliaint dílis dúinn /go maith chun gnó nua a mhealladh.*
2. *Cuirtear fostaíocht ar fáil sa cheantar áitiúil, níos éasca socruithe a oireann don fhoireann a dhéanamh.*
3. *Taithí phearsanta agus eolas Mháire. Tá éagsúlacht ó thaobh oiliúna agus taithí aici a chuidíonn chun an gnó a reáchtáil.*
4. *Foireann mhaith; fostaithe díograiseacha a oibríonn go crua.*
5. *Cuireann siad seirbhís iomlán ar fáil ó tharla ionad ilfhreastail acu/ a bhfuil seirbhís phriontála curtha leis.*
6. *Ó tharla go bhfilleann custaiméirí tá bonn cliant bunaithe acu.*

*2 @ 3m*
*2m + 1m*

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 Marc |
|---|---|---|

| | |
|---|---|
| **C1** | Luaigh agus mínigh trí fhadhb atá ag muintir Bhaile an Iúir? **6 mharc** |

1 *Droch-infreastruchtúr, iompar poiblí teoranta/gan aon láthair/seirbhís iarnróid.*
2 *Daonra ag athrú, daoine ag bogadh, daonra ag dul in aois.*
3 *Daoine óga ag imeacht.*
4 *Laghdú/baol iomarcaíochtaí/meath eacnamaíochta.*
5 *Easpa seirbhísí/saoráidí.*
6 *Gan mórán deiseanna fostaíochta/nó séasúrach.*
7 *Saincheisteanna comhshaoil.*

*3@2m an ceann*
*1m + 1m*

| | |
|---|---|
| **C2** | (i) Déan cur síos ar na deiseanna agus/nó ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh an nGrúpa Pobail. **12 mharc** |

***Deiseanna***

1 *In áit mhaith, bonn maith custaiméirí sa chathair agus sa bhaile.*
2 *Deiseanna maithe turasóireachta.*
3 *D'fhéadfadh áitritheoirí a thaistealaíonn a mhealladh chuig poist áitiúla.*
4 *Saoráidí maithe oideachais.*
5 *Cruthú post*

***Dúshláin***

1 *Easpa airgeadais. D'fhéadfadh sé a bheith deacair airgead a fháil ó institiúidí iasachta/ tiomsú airgid/ infheistíocht áitiúil/ cúnamh deontais.*
2 *Easpa suime/éagsúlacht daoine a fháil le bheith páirteach.*
3 *Easpa taithí/a laghad traidisiún fiontair/oiliúint de dhíth/scileanna bainistíochta/ cuidiú ó ghníomhaireachtaí.*
4 *Pearsantachtaí nach dtarraingíonn le chéile/daoine ag iarraidh an ceann is fearr a fháil/féin-suim ag daoine/gan ionadaíocht ag gach páirtí leasmhar ar an gcoiste.*
5 *Suíomh Bhaile an Iúir. Níl gnóthaí ag iarraidh lonnú ann ó tharla é 50 km ón gcathair.*

*2 @ 4m*
*3m+1m*

(ii) Déan cur síos ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith roimh an nGrúpa Pobail agus fiontraíocht á cur chun cinn acu.

1 *Tionchar ar ghnó atá ann cheana.*

*Talamh talmhaíochta anois á úsáid le gnóthaí nó tithe a thógáil air/ comórtas.*

2 *Saincheisteanna pleanála.*

*Agóideoirí áitiúla/tionchar ar an gcomhshaol/cead a fháil.*

3 *Easpa lucht oibre, rud a chuireann lagmhisneach ar fhiontraithe.*

*easpa scileanna/ gá le hoiliúint a chur ar dhaoine, rud a d'fhéadfadh a bheith costasach/oibrithe a bheadh ag súil le pá ard/suíomh iargúlta.*

4 *Agóidí i gcoinne athruithe/easpa tacaíochta polaitiúla.*

*Gan daoine áitiúla ag iarraidh tionscail ar mhór-scála.*

5 *Easpa scileanna ar dhaoine/gan a bheith sásta riosca a ghlacadh i bhfoirm fiontair a bhunú.*

*D'fhéadfadh nach mbeadh siad ag iarraidh imeacht ó fhostaíocht a íocann go maith/nach mbeadh taithí chuí acu.*

6 *Easpa pleanála fadtéarmaí/easpa físe do thodhchaí Bhaile an Iúir.*

*Ba chóir smaoineamh go maith ar an gcineál sin leathnaithe agus d'fhéadfadh nach mbeadh an fhís don bhaile curtha in iúl ag an ngrúpa.*

7 *Maoiniú chun fiontar a chur chun cinn.*

*Bheadh orthu triail a bhaint as deontas a fháil dóibh féin ó ghníomhaireacht rialtais.*

*2 @ 2m (0m, 2m)*

**C3** Tabhair breac-chuntas ar cheithre impleacht dhiúltacha do mhuintir Bhaile an Iúir má théitear chun cinn leis an bPáirc Thionsclaíoch atá molta. **12 mharc**

1 *Saincheisteanna Comhshaoil.*

*D'fhéadfadh athrú a theacht ar chaighdeán saoil/ ar thruailliú/ar thorann.*

2 *D'fhéadfadh laghdú a theacht ar thurasóireacht mar nach mbeadh an baile chomh tarraingteach do thurasóirí. D'fhéadfadh nach leor tionscal ceardaíochta le cuairteoirí a mhealladh.*

3 *D'fhéadfadh meath a theacht ar spiorad an phobail mura smaoinítear i gceart ar an leathnú nó mura smachtaítear é. D'fhéadfadh nach mbeadh dóthain daoine áitiúla ann a dhéanfadh iarracht an áit a dhéanamh tarraingteach d'áitritheoirí.*

4 *D'fhéadfadh fadhbanna sóisialta a bheith ann mura mbeadh saoráidí ann d'oibrithe a thiocfadh isteach sa cheantar. Bheadh tionchar diúltach aige seo ar phraghsanna tithe/ easpa áiteanna i scoileanna.*

5 *D'fhéadfadh tionchar a bheith ag tionscail mhóra atá níos iomaíche ar ghnóthaí beaga áitiúla. D'fhéadfaidís sin dul ó mhaith uilig. D'fhéadfadh nach mbeadh siopaí etc chomh pearsanta is a bhí.*

6 *Caillfidh siad an cháil mhaith atá orthu sa tionscal brioscaí agus milseogra. D'fhéadfadh sé a bheith deacair tionscal nua a thabhairt chun cinn a mbeadh cáil orthu lena aghaidh.*

7 *Plódú tráchta. Chuirfeadh sé sin moill ar oibrithe ag dul ag obair/ ar dhaltaí ag dul ar scoil.*

2 @ 4m(3m +1m)
*2 @ 2m (1m +1m)*

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**Q1 Tá an fhiontraíocht riachtanach má tá dul chun cinn le déanamh.**

| (a) Mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma 'fiontraíocht'. **2 mharc** |
|---|

*Is éard is fiontar ann nuair a ghlacann tú riosca le gnó a bhunú nó tionscnaíocht a léiriú/ a bheith cruthaitheach/ forghníomhach/ glacadh le dúshláin nua/ cumas nuálaíochta a léiriú.*

*2m (1m + 1m)*

| (b) Liostaigh ceithre mhodh a d'fhéadfadh fiontar gnó a úsáid chun smaointe a ghiniúint. **4 mharc** |
|---|

*1 Féach ar cad atá iomaitheoirí a dhéanamh.*

*2 Athbhreithniú ar ghearáin /ar aiseolas/ar mholtaí custaiméirí.*

*3 Smaointe na bhfostaithe/moltaí ón bhfoireann/ó ionadaithe díolacháin/ó dhaoine eile.*

*4 Bí rannpháirteach i dtaighde margaíochta/ an t-idirlíon/comhairleoirí/Boird Fhiontar Contae.*

*5 Ón Roinn Taighde & Forbartha.*

*4 @ 1m an ceann*

| (c) I ngach ceann de na réimsí seo a leanas déan cur síos ar dhá shampla d'fhiontraíocht ag feidhmiú:<br>(i) An Teaghlach, (ii) An Pobal Áitiúil **8 marc** |
|---|

***Teaghlach***

*1 Athchúrsáil - Ag baint leasa as boscaí bruscair glasa agus donna nó siopaí dara láimhe.*
*2 Buiséadú - Ioncam agus caiteachas thar thréimhse ama a phleanáil.*
*3 Déan féin é (DIY) - Ciallaíonn sé sin nach gcaithfidh tú fir cheirde a íoc leis an obair a dhéanamh.*
*4 Do chuid glasraí féin a chur - d'fhéadfadh sé seo a bheith níos folláine/orgánach agus a bheith níos saoire ná glasraí a cheannach sna siopaí.*
*5 Pleanáil - obair atá le déanamh sa bhaile a roinn t- Ciallaíonn sé sin go roinntear an obair idir gach duine sa teaghlach.*
*6 Gnó baile a bhunú sa bhaile, e.g. Bácáil bhaile/leaba & bricfeasta (B & B)*

*2 @ 2m (1m + 1m)*

***Pobal Áitiúil***

*1 Eagraíocht Pobail Áitiúil/ Coiste na mBailte Slachtmhara - Cuireann sé seo leis an gceantar agus cruthaíonn sé mórtas i measc an phobail.*
*2 Tiomsú airgid don cheantar áitiúil - Cuidíonn sé seo le carthanacht nó club áitiúil ionas go bhfaighidh baill seirbhísí níos fearr.*
*3 Scéimeanna Pobal ar Aire – Airíonn áitritheoirí áitiúla níos sábháilte nó ní bhíonn faitíos ar dhaoine atá níos sine.*
*4 Clubanna/Grúpaí deonacha chun dul chun tairbhe do dhaoine óga/scothaosta etc - Déantar freastal ar gach duine ansin/ laghdaítear ar loitiméireacht/ ar an uaigneas etc.*

*2 @ 2m (1m +1m)*
*1m as iad a thabhairt + 1m as iad a mhíniú.*

| | |
|---|---|
| (d) Déan smaoineamh ar an bpáirt a ghlac tú i ndréachtú plean fiontraíochta/gníomhaíochta LCVP do ghníomhaíocht ranga.<br>(i) Luaigh ábhar ardteistiméireachta amháin a chabhraigh leat. Abair cén fáth.<br>(ii) Tabhair mionchuntas ar **thrí** bhealach ina gcabhróidh do rannpháirtíocht sa Ghníomhaíocht leat sa todhchaí | **11 mharc** |

*Ábhar Ardteistiméireachta a chabhraigh.* *1m*
*Cén Fáth? Aon scil bainteach a foghlaimíodh/aitheantas d'eolas a foghlaimíodh.* *1m*

*Sampla* *Gnó*
*Bhí cleachtadh agam ar phleananna Gnó agus mar sin thuig mé na Ranna ba chóir a chur san áireamh.*

*Bealaí a gcabhróidh an rannpháirtíocht leat.*

1. *Cuireann sí iallach ort smaoineamh ar na céimeanna agus féachaint ar gach gné/pleanáil.*
2. *Cuirtear feabhas ar smaointeoireacht chriticiúil mar go gcaitear smaointe a mheas agus an rogha is fearr a roghnú.*
3. *Obair foirne mhaith mar go bhfoghlaimíonn tú ó dhaoine eile, meas agat ar thuairimí daoine eile.*
4. *Aon scil nua a fhoghlaimítear nó aon chaighdeán a fhorbraítear a mhínítear.*

*3 @ 3m an ceann*
*(1m +2m)*

**C2 Tá an phleanáil riachtanach má tá rath le bheith ar ghnó.**

| | |
|---|---|
| (a) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh gnólacht pleanáil. | **6 mharc** |

1. *Treochtaí don todhchaí/athruithe i ndíol spéise tomhaltóirí/ fadhbanna a aithint agus a bheith ag faire orthu.*
2. *Cuireann sé ar do chumas spriocanna/targaidí réalaíocha is féidir a bhaint amach a leagan síos.*
3. *Is féidir leat athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí mar atá agus féachaint an gá aon athruithe/ cinntí a dhéanamh.*
4. *Bíonn tú ar an eolas maidir le riachtanais airgeadais agus bíonn plean de dhíth má bhítear ag déanamh iarratais ar iasacht nó deontas.*
5. *Is féidir leat buiséid a dhréachtú agus teorainn a chur le caiteachas/trealamh a cheannach don todhchaí.*
6. *Coinneáil chun cinn ar an gcomórtas.* *3 @ 2m each*
*1m + 1m*

| | |
|---|---|
| (b) Ainmnigh agus mínigh **dhá** réimse a bheadh mar chuid de Chorp an phlean gnó. Abair cén fáth a mbaineann tábhacht le gach ceann | **4 mharc** |

1. *Taighde margaíochta*
*Tá sé sin tábhachtach chun féachaint an éireoidh le do smaoineamh.*
2. *Airgeadas*
*Tá sé sin tábhachtach le go mbeidh fios agat cá mhéad a bheidh ag teastáil/cá bhfaighidh tú an t-airgead leis an ngnó a bhunú/ tá buiséadú tábhachtach chun a chinntiú go mbeidh do dhóthain agat chun costais reatha a chlúdach.*
3. *Pearsanra/Acmhainní Daonna*
*Cá mhéad fostaí a theastódh uait/cé na cáilíochtaí a theastódh uathu.*
4. *Mionsonraí ar aschur an Táirge/na Seirbhíse*
*Léiríonn sé seo go bhfuil a fhios agat cé chomh fada a ghlacfadh sé ort na táirgí a dhéanamh/go bhfuil pleanáil déanta agat maidir le deacrachtaí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.*
5. *Áitreabh/Suíomh*
*Saoráidí cearta agus dóthain spáis a bheith ar fáil/bheith gar d'infreastruchtúr maith*

*2 @ 2m an ceann*
*1m + 1m*

| | |
|---|---|
| (c) | Déan smaoineamh ar shuíomh fiontair/eagraíochta a bhfuil eolas agat uirthi. Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a bhfuil sí suite ansin. **6 mharc.** |

*1* *Gar do mhargaí/teacht ar amhábhar.*
*2* *Bhí áitreabh ar fáil/traidisiún, é ansin le fada.*
*3* *Teacht a bheith ar lucht oibre oiriúnach.*
*4* *Saincheisteanna comhshaoil.*
*5* *Ar chúiseanna eacnamaíochta - deontas ar fáil ó tharla in Ionad Gnó*
*6* *Infreastruchtúr - gar do bhóithre maithe/páirceáil.*

*3 @ 2m an ceann*
*0 nó 2m.*

| | |
|---|---|
| (d) | Ainmnigh fiontar gnó a bhfuil eolas agat air agus déan anailís LLDB (SWOT) ar an ghnó sin. **9 marc** |

*Ainm an Ghnó* *1m*

*Anailís SWOT*

| | |
|---|---|
| *Láidreachtaí* | *Suíomh*<br>*Táirge/seirbhís*<br>*Daoine*<br>*Cáil/Gradaim buaite*<br>*Custaiméirí dílis* |
| *Laigeachtaí* | *Drochbhainistíocht*<br>*Caipiteal de dhíth*<br>*Áitreabh/trealamh as dáta* |
| *Deiseanna* | *Margaí nua/leathnú*<br>*Táirgí nua*<br>*Fostaithe le taithí* |
| *Bagairtí* | *Comórtas*<br>*Costas airgeadais*<br>*Drochfhostaithe/Gan aon fhostaithe*<br>*Meath eacnamaíochta* |

*8 @ 1m an ceann*
*Ná déan pointí an athuair.*
*Gá le 2 phointe as gach catagóir.*

**C3 Tugann socrúcháin oibre deis mhaith do mhic léinn taithí a fháil ar shaol na hoibre.**

| | |
|---|---|
| (a) | Liostaigh **trí** chúis a mbaineann tábhacht le scáthú oibre/taithí oibre do mhic léinn. **3 mharc** |

*1 Tugann sé blaiseadh dóibh ar shaol na hoibre.*
*2 Cuidíonn sé leo ó thaobh gairm a roghnú.*
*3 Foghlaimítear scileanna nua.*
*4 Cuireann sé lena CV.*
*5 Cuireann idirghníomhú le daoine fásta lena féinmhuinín.*
*6 D'fhéadfadh siad obair pháirtaimseartha a fháil as/teagmhálacha.*
*7 Cuidíonn sé leo a bpunann a chur le chéile.*
*8 Spreagann sé tú níos mó oibre a dhéanamh ar scoil.*

*3 @ 1m an ceann*

| | |
|---|---|
| (b) | Déan cur síos ar **cheithre** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag mic léinn le linn scáthú oibre/taithí oibre. **8 marc** |

*1 Nach dtabharfaí obair a mbeadh brí léi dóibh le déanamh, gan aon suim a bheith acu san obair.*
*2 Gan fios acu conas trealamh a úsáid/ar nósanna imeachta/gan aon treoracha tugtha dóibh/ go mbeadh an obair deacair orthu.*
*3 Nach n-aireodh siad mar chuid den fhoireann mar nár cuireadh in aithne iad d'fhostaithe eile/ nach mbeadh suim ag fostaithe cuidiú le mic léinn.*
*4 An iomarca oibre á baint astu nó dúshaothrú a bheith á dhéanamh orthu, go mbeifí ag súil go n-oibreodh siad uaireanta fada nó iallach a bheith orthu jabanna nach mbíonn tóir orthu a dhéanamh.*
*5 An ceann is fearr a fháil ar imní phearsanta e.g. cúthaileacht/easpa taithí.*
*6 Saincheisteanna praiticiúla, iompar, coinneáil ama, cód feistis*

*4 @ 2m an ceann*
*1m + 1m*

| | |
|---|---|
| (c) | Luaigh **agus** mínigh na freagrachtaí atá ar fhostóirí i leith sláinte, shábháilteacht agus leas a gcuid fostaithe. ***6 mharc*** |

*Ní mór d'fhostóirí:*
*1 Ráiteas sábháilteachta a chur ar fáil.*
*2 An timpeallacht oibre a bheith sláintiúil agus sábháilte/ saoráidí cearta, sosanna, saoirí, meaisíní a bheith ag obair mar is ceart.*
*3 Oiliúint/treoracha/ druileanna dóiteáin/comharthaí sábháilteachta a chur ar fáil.*
*4 Oifigeach sábháilteachta a cheapadh/timpistí a chur in iúl don Oifigeach nó don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.*
*5 Feisteas/trealamh sábháilteachta a sholáthar.*
*6 Céimeanna a ghlacadh chun bulaíocht a chosc.*

*3 @ 2m an ceann*
*1m as iad a thabhairt + 1m as iad a mhíniú.*
*Níor cheart míniúcháin a thabhairt an athuair.*

| | |
|---|---|
| (d) Scríobh litir fhoirmiúil chuig fostóir i do cheantar ag lorg taithí oibre mar chuid de do chlár Nascmhodúl. **8 marc** | |

| | | |
|---|---|---|
| *Do sheoladh }* | | |
| *Seolaí }* | *1m* | |
| *Dáta* | *1m* | |
| *Oscailt & dúnadh* | *1m* | |
| *Réamhrá* | *1m* | *tagair do LCVP nó do Nascmhodúil.* |
| *Ráiteas ag lorg taithí oibre.* | *1m* | |
| *Leagan amach* | *1m* | |
| *Litriú* | *1m* | |
| *Gramadach, paragraif, poncaíocht* | *1m.* | |

**C4 Is gníomhaíocht ranga riachtanach í pleanáil imeachta le cur leis an bhfoghlaim.**

| |
|---|
| (a) Mar chuid de bhur modúl fiontraíochta LCVP, tá beartaithe ag do rang taispeántas gairmeacha a eagrú. Fógraíodh cruinniú ranga chun an t-imeacht a eagrú. Dréachtaigh clár don chruinniú seo. **7 marc** |

*Clár*

| | | |
|---|---|---|
| *3 ball coiste le toghadh.* | *3@ 1m an ceann cathaoirleach, rúnaí, cisteoir* | |
| *Má deirtear 'coiste a thoghadh' - 1m amháin* | | |
| *Taispeántas Gairme a eagrú.* | *}* | |
| *Suíomh* | *}* | |
| *Dáta* an taispeántais* | *}* | *3 @ 1m an ceann *pointe éigeantach.* |
| *Costais atá i gceist* | *}* | |
| *Sceideal oibre/cé a dhéanann cén rud.* | *}* | |
| *Dáta an chéad chruinnithe eile* | *}* | |
| *AGE* | *}* | |
| *Ceannteideal & leagan amach* | *1m* | |

| | |
|---|---|
| (b) | Luaigh agus mínigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le bheith ag obair mar chuid d'fhoireann nuair a bhítear ag tabhairt faoin ngníomhaíocht. ***6 mharc*** |

1 *Roinntear an obair, laghdaítear ualach oibre gach duine/déantar an jab níos túisce/caighdeán oibre níos fearr/tagann smaointe breise chun cinn.*
2 *Bíonn daoine ann le scileanna éagsúla is dá bhrí sin éireoidh níos fearr leis an togra/níos éasca fadhbanna a réiteach/déantar cinntí níos fearr.*
3 *Beidh tú ábalta foghlaim ó bhaill eile foirne, scileanna nua.*
4 *Airítear go bhfuiltear ag nascadh/ oibrithe níos sásta.*
5 *Bíonn tuiscint níos fearr ar an obair atá i gceist i réimsí eile oibre seachas do réimse féin.*
6 *Níos éasca leanúint ar aghaidh le hobair oibrí eile ó tharla go raibh sibh ag obair go dlúth le chéile.*

*3 @ 2m an ceann*
*1m as iad a thabhairt + 1m as iad a mhíniú*

| | |
|---|---|
| (c) | Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht? **3 mharc** |

1 *Chun a mheas cé acu ar comhlíonadh aidhmeanna / cad a d'oibrigh go maith.*
2 *Faigheann tú amach an ní nach ndeachaigh go maith agus cén fáth.*
3 *Féadfaidh tú gníomh ceartaitheach a ghlacadh má bhíonn an ghníomhaíocht leanúnach.*
4 *Tá tú ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí amach anseo.* *3 @1m an ceann*
5 *Féadfar measúnú a dhéanamh ar bhaill foirne aonair.*

| | |
|---|---|
| (d) | Déan cur síos ar **thrí** bhealach inar féidir measúnú a dhéanamh ar an taispeántas gairmeacha. Tabhair cúiseanna le gach ceann díobh a roghnú. **9 marc** |

*Bealaí measúnaithe:*

1 *Iarr tuairimí na dtaispeántóirí/ múinteoirí/ tuismitheoirí.*
*Tá na tuairimí seo tábhachtach ó tharla go dteastóidh ón scoil go bhfillfidh siad arís.*
*Éasca le déanamh mar gur féidir bileog mheasúnaithe a ullmhú roimh ré/ a thabhairt amach ar an oíche.*

2 *Aiseolas a fháil ar cheistiúcháin uathu sin a d'fhreastail/ tuismitheoirí & daltaí/múinteoirí.*
*Ar fhoghlaim siad tada nua.*
*Éasca le déanamh ar an oíche.*

3 *Chun comhlíonadh aidhmeanna/cuspóirí a thomhas.*
*Ar comhlíonadh an ghníomhaíocht laistigh den bhuiséad?*
*Fadhbanna a tháinig chun cinn ar an oíche.*

4 *Plé ranga.*
*Is féidir easaontais a réiteach.*
*Glacadh tuairimí éagsúla.*

5 *Measúnú scríofa*
*Caighdeán na míreanna sa phunann*
*Tuairisc ar an taispeántas*

*3 @ 3m an ceann*

*1m as iad a thabhairt*
*1m as iad a mhíniú*
*1m ar chúis*

**C5 Is Ról Tábhachtach a Imríonn Eagraíochtaí Pobail/Fiontair sa tSochaí.**

| (a) Mínigh cén fáth a mbíonn baint ag daoine le heagraíochtaí pobail. **3 mharc** |
|---|

1 *Chun cur le saol grúpa daoine; áiseanna/seirbhísí níos fearr do ghrúpa daoine.*
2 *Chun spiorad pobail a fhorbairt.*
3 *Rud éigin a dhéanamh ar ais don tsochaí.*
4 *Chun am saor a úsáid go fiúntach.*
5 *D'fhorbairt phearsanta an duine féin/sástacht/chun cairde a dhéanamh.*

*3 @ 1m an ceann.*

| (b) Déan cur síos ar thrí bhuntáiste a thugann eagraíochtaí deonacha/fiontair phobail do phobail áitiúla. **6 mharc** |
|---|

1 *Cuidítear le daoine a dteastaíonn sin uathu.*
2 *Cruthaíonn roinnt fiontar pobail poist nó ioncam.*
3 *Cuirtear feabhas ar sheirbhísí sa phobal.*
4 *Is féidir feabhas a chur ar chomhshaol/aiseanna áitiúla.*
5 *Forbraítear spiorad pobail agus cothaíonn sé sin mórtas.*

*3 @ 2m*
*1m + 1m*

(c) (i) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ina bhféadfadh gnólachtaí tráchtála tacú le hEagraíochtaí Deonacha/ Fiontar Phobail. **4 mharc**

(ii) Mínigh, agus cúis amháin á tabhairt agat, cén fáth a ndéanfadh gnólachtaí tráchtála é sin. **2 mharc**

***(i)***

| | | |
|---|---|---|
| *1* | *Tacaíocht airgeadais-* | *Deontais*<br>*Urraíocht* |
| *2* | *Tabhartais -* | *Úsáid feithiclí/trealamh.*<br>*Ábhar/bia saor in aisce a sholáthar.* |
| *3* | *Daonuaireanta-* | *Ligeann d'fhostaí oibriú ar an togra le linn uaireanta oibre.*<br>*Saineolas a chur ar fáil i réimse ar leith.* |
| *4* | *Saoráidí-* | *Ligeann d'áitreabh gnó a úsáid do chruinnithe etc.* |

*2m an ceann (0, 2m)*

***(ii)***

| | | |
|---|---|---|
| *1* | *Caidreamh Poiblí Maith -* | *Is caidreamh poiblí maith é má fheictear go bhfuiltear ag tabhairt rud éigin ar ais don phobal. Fógraíocht saor in aisce don ghnó.* |
| *2* | *Sochar Cánach* | *Is féidir tabhartais ar leith a chur in aghaidh cánach.* |
| *3* | *Spiorad Pobail* | *Rud éigin a thabhairt ar ais don phobal.*<br>*Dea-thoil sa cheantar a bhaint amach.* |

*1 @ 2m.*

*Ní mór ráiteas soiléir a dhéanamh. 0 nó 2m*

(d) Scríobh tuairisc achomair **ar chuairt isteach** nó **ar chuairt amach** ar Eagraíocht Dheonach/ Fhiontar Pobail ar ghlac tú páirt inti. Bain úsáid as ceannteidil chuí. **10 marc**

| | | |
|---|---|---|
| *Teideal* | *1m* | |
| *Aidhmeanna/Téarmaí tagartha. 2 @ 1m an ceann* | *2m* | *(1 aidhm phearsanta + 1 aidhm ghrúpa).* |
| *Údar* | *1m* | |
| *Príomhábhar na cuairte isteach nó na cuairte amach* | *}* | |
| *Réamhphleanáil* | *}* | *4 phointe @ 1m an ceann* |
| *Roinnt mionsonraí ar an eagraíocht* | *}* | |
| *Trácht ar an ngníomhaíocht féin.* | *}* | |
| *Conclúidí* | *1m* | |
| *Moltaí* | *1m* | |

**C6 Baineann Scoileanna agus Coláistí le daoine óga a oiliúint le haghaidh Shaol na hOibre.**

| | |
|---|---|
| (a) | Liostaigh **ceithre** phíosa comhairle a chuirfeá ar chara agus é/í ag comhlánú foirm iarratais le haghaidh poist. **4 mharc** |

*1 Lean treoracha go cúramach/comhlánaigh i gceannlitreacha dubha nó i mbloclitreacha má shonraítear sin/cuir grianghraf leis má iarrtar sin.*
*2 Tóg fótachóip le cleachtadh a dhéanamh ar dtús/déan cleachtadh ar ceisteanna fada a chomhlánú.*
*3 Coinnigh súil ar an litriú/ar an tsoléiteacht.*
*4 Coinnigh cóip chun cuidiú leat ullmhú don agallamh.*
*5 Ná fág go dtí an pointe deiridh é/ná bíodh deifir ort á comhlánú.*

*4 @ 1m an ceann.*

| | |
|---|---|
| (b) | Déan cur síos ar **thrí** bhuntáiste nach buntáistí airgid iad, is féidir a fháil as saol na hoibre. **6 mharc** |

*1 Scileanna nua a fhoghlaim - go maith chun ardú céime a fháil/taithí mhaith má athraíonn tú post.*
*2 Gné shóisialta – cairde/caighdeán saoil.*
*3 Féinmheas – d'fhéadfá cur le do mhuinín.*
*4 Sochair chomhchineáil - carranna cuideachtaí/taisteal*
*5 Tá tú ábalta pleanáil don todhchaí - cinnteacht poist.*
*6 Teagmhálacha do bhreis oibre.*

*3 @ 2m an ceann*
*1m as iad a thabhairt + 1m as iad a mhíniú.*

| | |
|---|---|
| (c ) | Déan cur síos ar **thrí** dhifríocht idir saol na hoibre agus an obair scoile. **6 mharc** |

*1 Uaireanta níos faide – d'fhéadfadh go mbeadh ort oibriú tráthnóna/ deireadh seachtaine/am solúbtha (fleisc-am).*
*2 Tá an obair níos praiticiúla ná an scoil - teoiric i do shuí ag deasc sa scoil.*
*3 D'fhéadfadh go mbeadh níos mó éagsúlachta ó lá go lá san obair.*
*4 Ioncam – íoctar as obair tú.*
*5 D'fhéadfadh go mbeadh obair foirne níos suntasaí sa láthair oibre.*
*6 Teicneolaíocht an Eolais /go hiondúil bíonn an teicneolaíocht níos cothroime le dáta sa láthair oibre.*
*7 Cineálacha difriúla éilimh – obair bhaile sa scoil, ní mór duit a bheith an-tiomanta i gcás na hoibre.*

*3 @ 2m an ceann*
*1m as iad a thabhairt + 1m ar chur síos*

(d) Luaigh **trí** thréith a d'fhéadfadh fostóirí a lorg i bhfostaithe féideartha. Mínigh cén fáth ar dóigh leat go gceapfadh fostóirí gach tréith díobh sin a bheith tábhachtach.

**9 marc**

***Tréithe ainmnithe:***

| | | |
|---|---|---|
| *1* | *Iontaofacht:* | *Caithfidh fios a bheith ag fostóir nach ngoidfear aon stoc ná airgead.* |
| *2* | *Tionscnaíocht a léiriú:* | *Beidh fostóir ag iarraidh fostaí nach mbeidh air insint dó cad atá le déanamh an t-am ar fad/ a gheobhaidh bealaí éifeachtacha chun an obair a dhéanamh/a bheidh in ann déileáil le nithe nach mbítear ag súil leis go tapa agus go héifeachtach.* |
| *3* | *Gur féidir brath ar dhuine:* | *Tá fostóir ag iarraidh fostaithe a bheidh in am agus ar féidir brath orthu chun an obair a dhéanamh i gceart.* |
| *4* | *Dílseacht:* | *Bheadh fostóir ag súil go mbeadh leas na fostaíochta i gceist ag fostaithe agus go mbeadh siad ag iarraidh jab maith a dhéanamh.* |
| *5* | *Dícheallach:* | *Beidh fostóir ag súil go ndéanfaidh fostaithe a ndícheall, go ndéanfaidh siad méid chóir den obair ar chaighdeán ard.* |
| *6* | *Duine a bheidh mar chuid d'fhoireann:* | *Bheadh fostóir ag iarraidh fostaithe a bheadh ag iarraidh oibriú le chéile chun tasc a dhéanamh go maith, ní mór d'fhostaithe a bheith sásta comhoibriú le chéile.* |
| *7* | *Cur i láthair mhaith:* | *A bheith gléasta go néata, slachtmhar, agus oiriúnach chun léargas maith a thabhairt ar an ngnó.* |
| *8* | *Duine atá in ann cumarsáid go maith:* | *Beidh fostóir ag iarraidh fostaithe a bheidh in ann déileáil ar bhealach soiléir le custaiméirí/ le daoine eile.* |

*3 @ 3m*
*1m ar ainmniú*
*1m ar mhíniú*
*1m ar an tábhacht*
*Ní cheadaítear pointí a thabhairt an athuair*